


Dhá scéal nuachta

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar dhá scéal nuachta. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír.

- earlier/ a while ago
- getting ready for
- principal mediator
- membership
- new trade deals
- challenges
- to be overcome
- to survive



Féach ar an tuairisc uair amháin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2

Féach ar an mír den dara huair agus scríobh achoimre ghearr ar ábhar an dá scéal.

Scéal 1
Scéal 2

Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís. Meitseáil ainm an duine leis an teideal ceart:

Leo Varadkar	príomh-idirghabhálaí an Aontais Eorpaigh
Micheál Martin	Na Daonlathaigh Shóisialta
Mary Lou McDonald	Fianna Fáil
Brendan Howlin	Sinn Féin
Richard Boyd Barrett	Páirtí an Lucht Oibre
Eamon Ryan	An Taoiseach
Róisín Shortall	An Comhaontas Glas
Michel Barnier	Pobal Roimh Bhrabús

Ceist 4 Ceisteanna gramadaí

1. Cén fáth nach bhfuil séimhiú ar an bhfocal ‘tuairisc’?

...mar a luaigh Sinéad ina tuairisc...

2. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an bhfocal ‘Páirtí’?

Brendan Howlin ó Pháirtí an Lucht Oibre

3. An féidir leat an séimhiú ar ‘déag’ a mhíniú?

Níl ach dhá lá dhéag fágtha

4. Cén fáth nach bhfuil séimhiú ar an ainmfhocal tar éis ‘ar’ sna samplaí seo?

ar ball agus ar maidin

5. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an ainmfhocal ‘Breatain’?

An Bhreatain

6. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar ‘socruithe’?

... faoi shocruithe...

Ceist 5 ‘Caol le caol agus leathan le leathan’

Críochnaigh na hainmfhocail seo a bhí le cloisteáil sa tuairisc. Tá an chéad cheann déanta duit.

díospóir_____	= díospóireacht
tuair_____	=
seacht_____	=
deir_____	=
gnól_____	=
cruinn_____	=

Ceist 6

Tá forógraí na bpáirtithe polaitíochta i mbéal an phobail faoi láthair agus an tír ag druidim leis an olltoghchán. Samhlaigh go bhfuil do pháirtí polaitíochta féin agat agus go mbeidh tú ag eisiúint forógra ar ball. Féach ar na topaicí thíos agus cuir in ord tábhachta iad, trí uimhir a haon a chur leis an topaic is tábhachtaí agus mar sin ar aghaidh.

- oideachas
- cúrsaí sláinte
- cúrsaí tithíochta
- cúram leanaí
- athrú aeráide
- an Ghaeilge
- talmhaíocht
- an bhearna mhaoine
- an bhearna inscne

VIFAX 30 Eanáir 2020
Bunleibhéal

Labhair leis an duine in aice leat faoi na topaicí is tábhachtaí duit féin agus bí in ann a rá cén fáth.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

earlier/ a while ago:	ar ball beag
getting ready for:	ag fáil faoi réir
principal mediator:	príomh-idirghabhálaí
membership:	ballraíocht
new trade deals:	socruithe nua trádála
challenges	dúshlán
to be overcome	le sárú
to survive:	le teacht slán

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Leo Varadkar	An Taoiseach
Micheál Martin	Fianna Fáil
Mary Lou McDonald	Sinn Féin
Brendan Howlin	Páirtí an Lucht Oibre
Richard Boyd Barrett	Pobal Roimh Bhrabús
Eamon Ryan	An Comhaontas Glas
Róisín Shortall	Na Daonlathaigh Shóisialta
Michel Barnier	príomh-idirghabhálaí an Aontais Eorpaigh

Ceist 4

1. An aidiacht shealbhach atá i gceist – an tríú pearsa uatha, baininsneach, nach dtógann séimhiú ina diaidh.
2. Leanann séimhiú an réamhfhocal simplí **ó**.
3. Séimhítear an focal **déag** má chríochnaíonn an focal roimhe ar ghuta (seachas i gcás na n-ainmfhocal eisceachtúil a bhíonn san iolra e.g. trí bliana déag).
4. Ní shéimhítear an t-ainmfhocal tar éis **ar** má chuirtear suíomh nó staid in iúl.
5. Is focal baininsneach é **Breatain**.
6. Leanann séimhiú an réamhfhocal simplí **faoi**.

Ceist 5

díospóireacht
tuairisc
seachtar
deireadh
gnólacht
cruinniú

Ceist 6

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na dtopaicí seo i mbeirteanna agus ansin na tuairimí a bhí acu a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Scéal 1

Anois, mar a luaigh Sinéad ina tuairisc ar ball beag, táthar ag fáil faoi réir in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, do dhíospóireacht de na ceannairí a bheas¹ ar siúl ansin anocht. Seachtar ceannairí a bheas ag glacadh páirte sa díospóireacht – an Taoiseach, Leo Varadkar; ceannaire Fhianna Fáil, Micheál Martin; Mary Lou McDonald Shinn Féin; Brendan Howlin ó Pháirtí an Lucht Oibre; Richard Boyd Barrett, Pobal Seachas Brabús²; Eamon Ryan Chomhaontas Glas agus Róisín Shortall ó na Daonlathaigh Shóisialacha³. Níl ach dhá lá dhéag fanta go rachaidh an tír i mbun vótála.

Scéal 2

Bhí cruinniú ag an Taoiseach, Leo Varadkar, le príomh-idirghabhálaí an Aontais Eorpaigh ar an mBreatimeacht, Michel Barnier, i dTithe an Rialtais i mBaile Átha Cliath ar maidin. Níl fanta anois ach cúpla lá go n-imeoidh an Bhreatain as an Aontas Eorpach go hoifigiúil. Meán oíche am na hEorpa, nó a haon déag a chlog am na hÉireann, a thioctas⁴ deireadh le ballraíocht na Breataine san Aontas Eorpach. Agus, go luath ina dhiaidh sin cuirfear tús le cainteanna⁵ faoi shocruithe nua trádála. Dúirt Michel Barnier go bhfuil dúshlán go leor le sárú ins na⁶ cainteanna trádála, má tá gnólachtaí le thíocht⁷ slán.

¹ a bheidh an leagan caighdeánach

² Pobal Roimh Bhrabús an leagan oifigiúil

³ Daonlathaigh Shóisialta an leagan caighdeánach

⁴ a thioctas an leagan caighdeánach

⁵ cainteanna an leagan caighdeánach

⁶ sna an leagan caighdeánach

⁷ le teacht an leagan caighdeánach